


# An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge

## Institiúid Oideachais Marino

Tuairisc Chun Dáta (7 Iúil, 2020)

### Don Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

**Aodán Mac Suibhne (Comhordaitheoir an Bhaitisiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino)**



#### Feabhra 2020:

- Reáchtáladh na scrúduithe TEG ar an Satharn, 22 Feabhra, 2020. D'fhreastail 105 scoláire ar na scrúduithe agus cuireadh torthaí na scrúduithe ar aghaidh chuig Institiúid Oideachais Marino.
- D'éirigh le 102 as an 105 pas a fháil agus fuair 90 díobh os cionn 65%. Bhí naonúr scoláirí nó mar sin nár oir dáta na scrúduithe TEG dóibh agus bhí deis eile le bheith ag na scoláirí sin scrúduithe TEG Leibhéal B1 a dhéanamh ar 9 Bealtaine. Chuir TEG na scrúduithe sin ar 9 Bealtaine ar ceal mar gheall ar Covid-19. Níor theastaigh ó Institiúid Oideachais Marino nach mbeadh an naonúr scoláirí sin in ann cur isteach ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge. Shocraigh TEG go reáchtálfadís scrúduithe speisialta ar líne go cianda ar an dáta céanna (9 Bealtaine) chun freastal ar na scoláirí sin. Bhí na scrúduithe speisialta sin difriúil leis na gnáth-scrúduithe TEG Leibhéal B1 agus níor bhronn TEG Teastas B1 ar na scoláirí a bhí rathúil iontu. Ghlac Institiúid Oideachais Marino leis na torthaí sin agus go raibh na scoláirí sin a fuair Pas sna scrúduithe speisialta sin sách inniúil sa Ghaeilge le bheith rathúil ar an gcéim.
- Níor tugadh cead d'aon duine na scrúduithe speisialta ar 9 Bealtaine a dhéanamh ach amháin do na daoine a chláraigh in am (20 Márta) chun scrúduithe TEG Leibhéal B1 a dhéanamh ar an data céanna agus nach ndeachaigh ar aghaidh. Sin cinneadh a rinne TEG agus d'aontaigh Institiúid Oideachais Marino leis an gcinneadh.
- Maidir leis an Lár-Oifig Iontrála (CAO) agus an chéad bhliain acadúil eile, 2020/2021, i Mí na Bealtaine bhí an chéim luaite ag 165 iarrthóir (223 anuraidh) agus curtha síos mar an chéad rogha ag 54 (72 anuraidh). Maidir leis an dara bealach atá ag muintir na Gaeltachta cur isteach ar an gcéim (Cód CM004), bhí an chéim luaite ag 25 scoláire agus curtha síos mar an chéad rogha ag 7 (thart ar an méid céanna a bhí ann an bhliain seo caite). I Mí an Mheithimh bhí laghdú 15 dhuine ar líon na ndaoine a raibh an chéim luaite acu i gcoitinne. Is féidir le scoláirí na roghanna CAO atá déanta acu a athrú suas go dtí 1 Iúil.

#### Márta 2020:

- Bhí mic léinn na Chéad Bhliana ar an gcéim chun a gcéad Shocrúchán Scoile (sna meánranganna i scoileanna Lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath) a dhéanamh ón gCéadaoin, 11 Márta go dtí an Mháirt, 31 Márta ach ar an dara lá den Socrúchán dúnadh na scoileanna ar fad mar gheall ar an víreas Covid-19. Ina ainneoin sin, rinneadh measúnú ar an Socrúchán Scoile trí thascanna a thabhairt do na mic léinn a bhí bainteach le torthaí foghlama an tSocrúcháin. Cé nach ndearna na mic léinn ach dhá lá de Shocrúchán Scoile, rinne siad Taithí

Scoile gach Céadaoin ar feadh seacht seachtaine roimh an Socrúchán Scoile agus mar chuid den mhodúl Garchleachtas fuair na mic léinn taithí ar a bheith ag múineadh os comhair ranga ar cheithre lá dhifriúla nuair a chuaigh siad amach chuig scoileanna Lán-Ghaeilge i ngrúpaí in éineacht le léachtóirí. Tá an Institiúid an-bhuíoch de na scoileanna, de na príomhoidí agus de na múinteoirí as a gcomhoibriú.

#### **Aibreán 2020:**

- Bhí na mic léinn chun dul go dtí an Ghaeltacht don Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht i rith laethanta saoire na Cásca ar feadh coicíse. Ní dheachaigh an Tréimhse Foghlama ar aghaidh mar gheall ar Covid-19 agus fuair na mic léinn na táillí ar ais. Beidh na mic léinn in ann an Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht a dhéanamh nuair a bheidh siad sa Dara Bliain agus déanfaidh siad an Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht nuair a bheidh siad sa Tríú Bliain. Ní bheidh táillí le híoc ag mic léinn oideachais do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht ón mbliain seo chugainn ar aghaidh.

#### **Bealtaine 2020:**

- Chuaigh measúnú dheireadh na bliana ar aghaidh ó 11 go 22 Bealtaine mar a bhí beartaithe.
- Mar gheall ar Covid-19, in ionad scrúduithe a dhéanamh i Hallaí Scrúduithe, rinne na mic léinn na scrúduithe sin go cianda ar líne mar “Scrúduithe Leabhar Oscailte”.
- I gcásanna áirithe, bhí ar an Institiúid scrúduithe a athdhréachtú. Don Triail Chluastuisceana sa Ghaeilge, bhí ar na mic léinn in ann éisteacht leis na míreanna éisteachta ar Moodle, don Gharchleachtas bhí orthu físeán díobh féin agus iad in ainm is a bheith ag múineadh páistí a uaslódáil, rinneadh na scrúduithe cainte ar an bhfón agus taifeadadh iad. Tugadh tionscnamh do na mic léinn in áit aon chur i láthair ghrúpa.
- Reáchtáladh scrúduithe foirmiúla um Nollaig freisin. Tá na scrúduithe sin go léir ceartaithe anois agus tá na torthaí faighte ag na mic léinn.
- Bhí deiseanna ag aon mhic léinn a raibh teipeanna acu féachaint ar chóipeanna scanta dá scrípteanna agus tugadh treoir dóibh do na hatrialacha.

#### **Bealtaine/Meitheamh, 2020:**

- Tar éis na scrúduithe cuireadh “Ceistiúchán Ginearálta Dheireadh na Bliana” chuig na mic léinn ar an gcéim. Bhí aischothú na mac léinn an-dearfach.
- Léirigh siad go léir an-sásamh gur ghlac siad le háit ar an gcéim. Dúirt siad go raibh go leor foghlamtha acu. I measc na rudaí is mó a thaitin leo bhí an t-atmaisféar i Marino, go raibh gach rud á dhéanamh acu trí Ghaeilge, go raibh an Ghaeilge mar an ghnáth-theanga labhartha eatarthu an t-am ar fad, go raibh siad ag fáil an-chuid tacaíochta ó na léachtóirí agus óna chéile, gur grúpa beag iad agus go bhfuil cairde nua déanta acu. Bhí an-díomá orthu gur cuireadh deireadh leis an Socrúchán Scoile go luath. Tá siad ag súil go mór le bheith ar ais i dteannta a chéile an bhliain seo chugainn.

#### **Meitheamh 2020:**

- Tá an Institiúid ag pleanáil chun an campas a athoscailt i Meán Fómhair 2020 de réir na dtreoirlínte atá beartaithe ag an Rialtas agus ag leanúint comhairle na saineolaithe sláinte phoiblí. Tá an Institiúid ag súil leis go mbeidh go leor de na ranganna á dtabhairt aghaidh ar aghaidh ar an gcampas sa chéad seimeastar eile. Meastar go dtabharfar codanna de mhodúil áirithe ar líne agus modúil eile go hiomlán ar líne.